

## Sciúradh airgid agus seachaint cánach: vóta iomlánach ar mholtaí an choiste speisialta

**Caithfidh feisirí na Parlaiminte vóta an 13 Nollaig ar thuarascáil deiridh an choiste maidir le sciúradh airgid agus seachaint cánach. Caith súil ar an bhfíseán chun tuilleadh a fhoghlaim.**

Le Páipéir Phanama nochtadh líonra ollmhór de chuideachtaí a bunaíodh iad chun cáin a sheachaint. Cuireadh [an choiste fiosrúcháin](#) maidir le sciúradh airgid agus seachaint cánach ar bun d'fhonn trédhearcacht an Aontais Eorpaigh agus na mballstát ó thaobh an chánachais de a fhiosrú. Déanfar tuarascáil deiridh an choiste a phlé [le linn an tseisiúin iomlánaigh](#) an 12 Nollaig, cuirfear tús leis an díospóireacht ag 09.00 CET. Cuirfear moltaí na tuarascála chun vóta sa Pharlaimint an lá dár gcionn.

Ag labhairt dó roimh an vóta iomlánach, dúirt an feisire [Jeppe Kofod](#): “Tá an-drogall agus an-mhoill ar roinnt ballstát AE na dlíthe a athrú chun imghabháil cánach agus sciúradh airgid a sheachaint, agus is fadhb mhór í seo don AE, agus is fadhb mhór í do bhunús na dtíortha ar mian leo aidhm eile a bheith acu.”

Dúirt an feisire [Petr Ježek](#): “Is é an rud is tábhachtaí ná cáilmheas na mballstát. Agus, dar liom, mura bhfuil ceannairí i roinnt tíortha atá sásta aghaidh a thabhairt air, ceapaim go n-éilíonn sé brú ó dhearcadh an phobail. Nuair a bhreathnaímid ar gach sceitheadh, má bhíonn aon sceitheadh eile ann, tugann siad ainmneacha cuideachtaí nó daoine aonair, ach tá an teicníc mar an gcéanna a bheag nó a mhór.”

Tá an Pharlaimint ag smaoineamh ar [choiste fiosrúcháin eile a bhunú](#) chun scannal Phaipéir Phanama a fhiosrú, chomh maith le buanchoiste tar éis thoghcháin na hEorpa 2019.

*[Tuilleadh faisnéise anseo.](#)*



**Físeán**

<https://www.europartv.europa.eu/en/programme/economy/tax-evasion-needs-permanent-inquiry>